



An Bhruiséil, 28 Aibreán 2026
(OR. en)

8130/26
ADD 1 REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0088(NLE)

ECOFIN 458
UEM 143
FIN 524
EIB
ECB

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an gCINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an iarscríbhinn thuasluaite a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme leasaitheach ón gComhairle.

ALT 1: ATHCHÓIRITHE AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ FAOIN bPLEAN TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA**1. Tuairisc ar Athchóirithe agus Infheistíochtaí****A. COMHPHÁIRT 1: ATHLÉIMNEAIGHT AN CHÓRAIS CÚRAIM SLÁINTE A NEARTÚ**

Rannchuideoidh an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge leis an gcóras cúraim sláinte a dhéanamh níos athléimní agus níos ullmhaithe do ghéarchéimeanna gan choinne amhail COVID-19. Tá ceithre bheart sa chomhpháirt, a bhaineann le stoic chriticiúla táirgí leighis, teilileigheas, taighde ar vacsaíní COVID-19 agus bainistiú soláthairtí leighis. Áirítear leis sin stóráil straitéiseach cógas leighis a áirithiú, rud a mheastar a laghdóidh leochaileacht na slabhraí soláthair. Thairis sin, tá coinne leis go neartóidh an Danmhairg digitiú an chórais sláinte, rud a rachaidh chun tairbhe go háirithe do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i limistéir nach bhfuil an daonra chomh dlúth sin iontu.

Rannchuideoidh na hinfeistíochtaí agus na hathchóirithe sin le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach a díriodh ar an Danmhairg in 2020, i.e. *‘Feabhas a chur ar athléimneacht an chórais sláinte, lena n-áirítear trí tháirgí leighis criticiúla leordhóthanacha a áirithiú agus aghaidh a thabhairt ar an nganntanas oibrithe sláinte’* (CSR 1.2, 2020).

A.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta**Infheistíocht 1: Staidéar cliniciúil ar éifeacht vacsaíní COVID-19**

Déanfaidh an Danmhairg infheistíocht i staidéar mórsála ar chohórt cliniciúil ar na vacsaíní éagsúla in aghaidh COVID-19 chun an t-eolas ar éifeachtaí agus fo-éifeachtaí na vacsaíní a mhéadú. Is é is cuspóir don bheart seo éifeachtaí fadtéarmacha a bhaineann le himdhíonacht agus fo-éifeachtaí na vacsaíní a thomhas.

Infheistíocht 2: Bearta chun stoic drugaí criticiúla a áirithiú

Chun cásanna criticiúla ina bhfuil ganntanais drugaí tábhachtacha a sheachaint, tá tacaíocht bhonneagair agus lóistíochta bunaithe ag an Danmhairg, agus leathnóidh sí an tacaíocht sin anois chun stoic straitéiseacha drugaí criticiúla a choinneáil ar bun agus a áirithiú in earnáil na sláinte tánaistí. Ullmhaíodh liosta na gcógas leighis criticiúil ar bhonn ionchuir ó na cógaseolaithe cliniciúla sna réigiúin.

Infheistíocht 3: Réitigh dhigiteacha in earnáil an chúraim sláinte

Le linn phaindéim COVID-19, baineadh úsáid as réitigh dhigiteacha nua chun saoránaigh agus an córas cúraim sláinte a dhéanamh níos nasctha. Déanfaidh an Aireacht Sláinte úsáid na réiteach digiteach nua sin a fhorbairt agus a mhéadú amhail (1) úsáid fhorleathan réiteach digiteach, (2) comhairliúcháin fise, (3) rannpháirtíocht othar agus úsáid fhorleathan teilileigheas.

Infheistíocht 4: Bainistiú agus taise éigeandála; faireachán ar tháirgí leighis criticiúla

Tá géarghá le géarphleanáil agus géarfhaireachán maidir le ganntanais agus fadhbanna soláthair agus fo-éifeachtaí féideartha vacsaíní COVID-19 mar gheall ar COVID-19. Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar an mbonneagar chun faireachán a dhéanamh ar ghanntanais agus ar

fhadhbanna soláthair agus chun faireachán a dhéanamh ar fho-éifeachtaí féideartha vacsaíní COVID-19 agus gníomhú ina leith, agus chun an phleanáil éigeandála fhoriomlán a neartú.

A.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Sprioc	Ráithe	Bliain	
1	1 — Athléimneacht an Chórais Cúraim Sláinte a Neartú — Bearta chun stoic drugaí criticiúla a chinntiú	Garsprioc	Tuarascáil ar mheasúnú Gníomhaireacht Leigheasra na Danmhairge ar stoic drugaí criticiúla atá le cur ar fáil arb é is aidhm di cásanna ina bhfuil ganntanas drugaí tábhachtacha sa Danmhairg a sheachaint.	Tuarascáil ar an measúnú ar stoic na gcógas leighis criticiúil agus ar an obair leantach a rinne Gníomhaireacht Leigheasra na Danmhairge de réir mar is gá.				C4	2021	Baintear an gharsprioc amach nuair a rinne Gníomhaireacht Leigheasra na Danmhairge measúnú agus tuairisciú d'Aireacht Sláinte na Danmhairge maidir le stoic na gcógas leighis criticiúil. Beidh an measúnú thar a bheith tábhachtach maidir leis an leibhéal ceart acmhainneachta stórála le haghaidh drugaí criticiúla a thuar agus a áirithiú. Áireofar sa mheasúnú measúnú ar bhrú ionfhabhtaithe agus ar líon na n-othar atá san ospidéal le COVID-19 chomh maith leis an bhforbairt ghinearálta sna margaí cógaisíochta.
2	1 — Athléimneacht an Chórais Cúraim Sláinte a Neartú — Réitigh dhigiteacha in earnáil an chúraim sláinte	Garsprioc	Meastóireacht ar rannpháirtíocht othar agus ar úsáid fhorleathan teilileigheas atá le cur ar fáil ag Aireacht Sláinte na Danmhairge i ndlúthchomhar le Réigiúin na Danmhairge.	Meastóireacht ar réitigh teilileigheas ar imní sláinte.				C4	2021	I ndlúthchomhar le Réigiúin na Danmhairge, tuairisceoidh an Réigiún Lárnach meastóireacht d'Aireacht Sláinte na Danmhairge maidir le réitigh teilileighis ar imní sláinte chun úsáid teilileighis agus rannpháirtíocht othar a fhorbairt agus a mhéadú a thuilleadh.
3	1 — Athléimneacht an Chórais Cúraim Sláinte a Neartú — Réitigh	Sprioc	Saoráidí a fhorbairt agus a chur ar fáil le haghaidh comhairliúchán		Uimhir	1	2	C4	2021	Chun úsáid na geomhairliúchán fis-teilileighis (KontaktLæge) chuig ardáin gléasanna móibíleacha eile a mhéadú, déanfaidh Aireacht Sláinte na Danmhairge,

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Sprioc	Ráithe	Bliain	
	dhigiteacha in earnáil an chúraim sláinte		teilileighis (KontaktLæge) le haghaidh ardáin éagsúla.							i gcomhar le MedCom, an feidhmchlár KontaktLæge a fhorbairt agus a chur ar fáil ar an dara hardán gléasanna móibíleacha. Is eagraíocht neamhbhrabúsach é MedCom atá maoinithe agus faoi úinéireacht Aireacht Sláinte, Réigiúin na Danmhairge agus Rialtas Áitiúil na Danmhairge chun comhar a éascú idir údaráis, eagraíochtaí agus gnólaachtaí príobháideacha atá nasctha le hearnáil cúraim sláinte na Danmhairge.
4	1 — Athléimneacht an Chórais Cúraim Sláinte a Neartú — Réitigh dhigiteacha in earnáil an chúraim sláinte	Garsprioc	Ceistneoir digiteach a chur chun feidhme san aip "MinLæge" ("Mo Dhochtúir").	Cur chun feidhme ceistneoirí digiteacha agus sonraí arna dtuairisciú ag othair tríd an aip MinLæge.				C1	2022	Is é is cuspóir don bheart cead a thabhairt do chleachtóirí ginearálta 'Mo Dhochtúir' a úsáid chun iarraidh ar úsáideoirí ceistneoirí digiteacha a líonadh maidir le pneumococcus, fliú agus toircheas agus, ar an gcaoi sin, othair a shrathú go tapa i ndáil le vacsaínithe agus le riochtaí leighis eile. I ndlúthchomhar le hEagraíocht na nDochtúirí Ginearálta sa Danmhairg, tiolacfar tuarascáil i scríbhinn ina dtíolacfar na conclúidí teicniúla agus leighis.
5	1 — Athléimneacht an Chórais Cúraim Sláinte a Neartú — Staidéar cliniciúil ar éifeacht vacsaíní COVID-19	Garsprioc	Tuarascáil ar staidéar a rinne Ospidéal Ollscoile Aarhus maidir le héifeachtaí agus fo-éifeachtaí vacsaíní COVID-19 atá le cur ar fáil d'Aireacht Sláinte na Danmhairge.	Staidéar a dhéanamh agus an tuarascáil maidir le torthaí agus eolas breise ar éifeachtaí agus fo-éifeachtaí vacsaíní COVID-19 a fhoilsiú.				C3	2023	Déanfaidh Ospidéal Ollscoile Aarhus staidéar mórsála a sheoladh agus a fhoilsiú ar feadh tréimhse dhá bhliain tar éis an vacsaínithe. Cuirfear an staidéar agus an tuarascáil chuig Aireacht Sláinte na Danmhairge.

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Sprioc	Ráithe	Bliain	
6	1 — Athléimneacht an Chórais Cúraim Sláinte a Neartú — Bainistiú agusampa éigeandála; faireachán ar tháirgí leighis criticiúla	Sprioc	Córas TF roghnach a chur chun feidhme chun fo-iarmhairtí vacsaíní COVID-19 a thuairisciú in 1 250 ardán digiteach áitiúil do chleachtóirí ginearálta.		Uimhir	1 000	2 250	C3	2021	Córas TF a chur chun feidhme maidir le fo-éifeachtaí vacsaíní COVID-19 a thuairisciú ina 1 250 ardán digiteach áitiúil breise do chleachtóirí ginearálta i gcomparáid le 1 000 in 2021. Áiritheoidh Gníomhaireacht Leigheasra na Danmhairge cur chun feidhme an chórais TF maidir le fo-éifeachtaí vacsaíní COVID-19 a thuairisciú do chleachtóirí ginearálta lena n-úsáid.

B. COMHPHÁIRT 2: AISTRIÚ GLAS NA TALMHAÍOCHTA AGUS AN CHOMHSHAOIL

Tá trí chuspóir ag an gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge. Ar an gcéad dul síos, bainfidh na tionscnaimh atá beartaithe úsáid as ionstraimí aitheanta agus éifeachtacha chun astaíochtaí gás ceaptha teasa i dtalmhaíocht na Danmhairge a laghdú agus an laghdú ar aschur táirgeachta a íoslaghdú ag an am céanna. Is é is aidhm dó sin astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 0.1 meigeathonna CO₂e measta faoi 2030. Ina theannta sin, meastar go dtiocfaidh laghdú thart ar 198 dtona ar astaíochtaí nítrigine in uiscí cósta faoi 2030. Tríd an méid sin a dhéanamh, táthar ag súil go rannchuideoidh earnáil talmhaíochta na Danmhairge le sprioc aeráide na Danmhairge a bhaint amach, is é sin astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 70 % faoi 2030, chomh maith le dálaí comhshaoil a fheabsú. Is bealach í an fheirmeoireacht orgánach mhéadaithe chun an sprioc sin a bhaint amach chomh maith le sprioc in aistriú glas earnáil talmhaíochta na Danmhairge.

Ar an dara dul síos, mar fhorlíonadh ar straitéis rialtas na Danmhairge um thaighde glas, tabharfar isteach cistí suntasacha sa taighde agus san fhorbairt i dtreo teicneolaíochtaí a bhfuil gealladh fúthu in earnáil na talmhaíochta. Is é is aidhm dó sin éifeachtaí gás ceaptha teasa na teicneolaíochta bithscagtha donn, mar a thugtar uirthi, a dhoiciméadú agus a léiriú. Tá acmhainneacht theicniúil mheasta ag an teicneolaíocht maidir le laghduithe 2 Mt CO₂e in 2030. Is ionann sin agus thart ar 1/8 d'astaíochtaí gás ceaptha teasa earnáil na talmhaíochta. Dá bhrí sin, tá taighde agus forbairt na réiteach agus na dteicneolaíochtaí nua sin ríthábhachtach d'aistriú glas earnáil talmhaíochta na Danmhairge – chun astaíochtaí náisiúnta a laghdú agus chun bealach a thaispeáint don chuid eile den domhan chun astaíochtaí talmhaíochta a laghdú gan aschur táirgeachta na hearnála a laghdú.

Ar deireadh, tá an táirgeadh san am a chuaigh thart ina chúis le truailliú tromchúiseach ar an gcomhshaoil agus le héilliú ithreach. Astaítear ceimiceáin agus substaintí díobhálacha go díreach sa nádúr. Tá na truaillithe sin mar thoradh ar easpa eolais faoin éifeacht dhíobhálach a bhaineann le ceimiceáin a dhumpáil sa dúlra, agus faoin dochar a rinne sé do na glúnta atá le teacht. Áirítear leis an gcomhpháirt sin infheistíochtaí atá dírithe ar láithreáin thionsclaíocha agus talamh a bhí éillithe mar gheall ar tháirgeadh neamh-inbhuanaithe san am a chuaigh thart a athshlánú.

Rannchuidíonn an chomhpháirt sin le haghaidh a thabhairt ar an moladh tírshonrach a díriodh ar an Danmhairg in 2020, maidir leis an ngá atá le 'infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach, go háirithe ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil' (moladh tírshonrach 2, 2020).

B.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1: Ithreacha ar mhórán carbóin

Is é cuspóir an bhirt rannchuidiú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó ithreacha ar mhórán carbóin a laghdú. Is éard atá sa bheart seo scéim chun ithreacha ar mhórán carbóin a bhaint as táirgeadh trí dhearbhuille bogach a chlárú.

Infheistíocht 1: Feirmeoireacht Orgánach

Is é is aidhm don bheart níos mó feirmeoirí a dhreasú chun an t-aistriú ón bhfeirmeoireacht thraidisiúnta go dtí an fheirmeoireacht orgánach a dhéanamh. Thairis sin, rannchuideoidh an beart seo le honnmhairiú earraí talmhaíochta orgánacha ón Danmhairg a mhéadú.

Infheistíocht 2: Aistriú orgánach na geistíní poiblí

Beidh an beart tiomnaithe do chlár oideachais agus tacóidh sé le curaclaim arb é is aidhm dóibh an t-aistriú chuig bia níos orgánaí, níos sláintiúla agus níos inbhuanaithe i gcistíní poiblí a éascú.

Infheistíocht 3: An Lárionad Nuálaíochta Orgánaí

Is é is cuspóir don bheart seo Lárionad Nuálaíochta a bhunú. Déanfaidh an lárionad taighde, turgnaimh agus forbairt laistigh den talmhaíocht orgánach agus den bhia orgánach.

Infheistíocht 4: Tionscadail orgánacha phlandabhunaithe

Trí chomhthiomsú bliantúil a bhunú i gCiste na Feirmeoireachta Orgánaí, tacófar le córas bia atá níos orgánaí agus bunaithe ar phlandaí a fhorbairt.

Infheistíocht 5: Teicneolaíochtaí aeráide sa talmhaíocht

Is é cuspóir an bhirt infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí aeráide sa talmhaíocht. Is éard atá sa bheart seo bithscaglann a thógáil.

Infheistíocht 6: Láithreáin thionsclaíocha agus talamh éillithe a athshlánú

Is é is cuspóir don bheart tacú le hathshlánú iarlimistéar talún tionsclaíche atá éillithe ó cheimiceáin dhumpáilte. Is éard atá sa bheart seo formheas Ghníomhaireacht na Danmhairge um Chaomhnú an Chomhshaoil ar cheithre iarratas feabhsúcháin chostéifeachtacha ar a laghad agus tíolacadh tuarascálacha stádaís ag na Comhairlí Réigiúnacha ina bhfuil tuairisc ar an dul chun cinn teicniúil agus eacnamaíoch maidir le gach tionscadal.

B.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch Mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Sprioc	Ráithe	Bliain	
7	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil — Feirmeoireacht orgánach	Sprioc	Cuireadh isteach 40 tuarascáil tionscadail ar a laghad faoi The Foundation for Organic Farming.		Uimhir	0	40	C4	2025	Déanfaidh na tionscadail onnmhairiú talmhaíochta a chur chun cinn, táirgí orgánacha a mhargú agus eolas a mhéadú agus inniúlacht a fhorbairt in earnáil na dtáirgí orgánacha. Chuir tairbhíthe tionscadail 40 tuarascáil tionscadail ar a laghad isteach.
8	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil — Aistriú orgánach na gcistiní poiblí	Sprioc	Tuarascálacha tionscadail maidir le forbairt inniúlachta a thacaíonn leis an aistriú orgánach i 160 cistin phoiblí ar a laghad a cuireadh isteach.		Uimhir	0	160	C4	2025	Cuirfear an tionscnamh chun feidhme mar chomhthiomsuithe ar leith de thionscadail mhaoinithe laistigh den Fhondúireacht um Fheirmeoireacht Orgánach. Chuir tairbhíthe tionscadail tuarascálacha tionscadail isteach lena gcumhdaítear 160 cistin phoiblí ar a laghad a bhfuil forbairt inniúlachta faighte acu trí rannpháirtíocht i dtionscadail oideachais.
9	2 - Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil - Ionad Nuálaíochta Orgánaí	Sprioc	6 thuarascáil tionscadail ar a laghad curtha isteach.		Uimhir	0	6	C4	2025	Déanfaidh na tionscadail incháilithe torthaí taighde agus forbartha an Lárionaid Nuálaíochta um Fheirmeoireacht Orgánach a scaipeadh, comhar agus comhpháirtíochtaí a chur chun cinn, nó gníomhaíochtaí forbartha agus taisealbhaidh a áireamh, chomh maith le gníomhaíochtaí taighde. Cuireadh isteach 6 thuarascáil tionscadail ar a laghad ó thairbhíthe.
10	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil — Tionscadail orgánacha phlandabhunaithe	Sprioc	Cuireadh isteach 10 dtuarascáil tionscadail ar a laghad chun tacú le córas bia atá níos orgánaí agus níos		Uimhir	0	10	C4	2025	Tacóidh na cistí le tionscadail arb é atá iontu taighde agus forbairt agus tionscnaimh aistrithe eolais, chun táirgeadh plandaí orgánacha a fhorbairt agus chun bia orgánach atá bunaithe ar phlandaí a mhargú. Tá 10 dtuarascáil tionscadail

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch Mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Sprioc	Ráithe	Bliain	
			plandabhunaithe a fhorbairt.							ar a laghad curtha isteach ag tairbhithe tionscadail.
11	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil — Teicneolaíochtaí aeráide sa talmhaíocht	Garsprioc	Tá glao ar iarratais ar na scéimeanna fóirdheontais le haghaidh teicneolaíochtaí aeráide sa talmhaíocht (bithscaglanna donna) curtha i gcrích.	Tá an glao ar thairiscintí curtha i gcrích.				C4	2021	Cuirfear an gharsprioc i gcrích nuair a bheidh deireadh leis an mbabhta iarratais agus nuair a fhógróidh Gníomhaireacht Talmhaíochta na Danmhairge ar a leathanach baile go bhfuil deireadh leis an mbabhta iarratais. Is é cuspóir na scéime úsáid na mbithscaglann donn a léiriú, ar bithscaglanna iad a bhfuil acmhainneacht mhór acu astaíochtaí gás ceaptha teasa sa talmhaíocht a laghdú.
12	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil — Teicneolaíochtaí aeráide sa talmhaíocht	Garsprioc	Bithscaglann a dhéanamh.	Bithscaglann a fhoirgníú.				C4	2025	Bithscaglann a thógáil agus doiciméadú ar an tionchar aeráide agus comhshaoil a bhaineann le bithghualach a chur isteach san ithir.
13	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil — Ithreacha atá saibhir ó thaobh carbóin de	Garsprioc	Cuirtear i gcrích glao ar iarratais ar an scéim fóirdheontais chun ithreacha ar mhórán carbóin a athfhliuchadh agus a thógáil amach as an táirgeadh.	Tá an glao ar iarratais ar an scéim fóirdheontais chun ithreacha ar mhórán carbóin a bhaint amach as táirgeadh curtha i gcrích.				C4	2021	Is é is cuspóir don scéim dreasachtaí airgeadais a chruthú d'fheirmeoirí chun a n-ithreacha ar mhórán carbóin a thógáil as táirgeadh agus iad a athfhliuchadh chun cosc a chur ar an gcarbón a astú san atmaisféar. Críochnófar an gharsprioc nuair a dhúnfar an babhta iarratais agus nuair a fhógróidh Gníomhaireacht Chomhshaoil na Danmhairge ar a leathanach baile go bhfuil an babhta iarratais dúnta.
15	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an	Sprioc	Dearbhuithe bogach le haghaidh		Uimhir	0	1 975	C2	2026	Bainfear an sprioc amach nuair a chlárófar dearbhuithe maidir le bogaigh (<i>klima-</i>

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch Mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Sprioc	Ráithe	Bliain	
	Chomhshaoil — Ithreacha atá saibhir ó thaobh carbóin de		tionscadail lena mbaintear 1 975 heicteár d'ithir ar mhórán carbóin ó tháirgeadh atá cláraithe sa chlár talún.							<i>lavbundsprojekter</i>) sa chlár talún le haghaidh tionscadail lena mbaintear 1 975 heicteár d'ithir ar mhórán carbóin ón táirgeadh.
16	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil — Athshlánú láithreán tionsclaíoch agus talún éillithe	Sprioc	Ceadaíodh 4 iarratas tionscadail ar a laghad chun láithreán tionsclaíoch nó talamh éillithe a athshlánú.		Uimhir	0	4	C1	2022	Beidh 4 iarratas ar a laghad ar na láithreáin shonracha faighte agus formheasta ag Gníomhaireacht na Danmhairge um Chaomhnú an Chomhshaoil. Beidh na tionscadail shonracha costéifeachtach agus roghnófar láithreáin bunaithe ar a laghad ar thosaíochtaí polaitiúla, ar dhéine an éillithe agus ar an riosca do na limistéir máguaird.
17	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil — Athshlánú láithreán tionsclaíoch agus talún éillithe	Garsprioc	Tuascáil ar stádas leath bealaigh don obair a rinneadh ar thionscadail fhormheasta agus ar ghníomhaíocht cheartaitheach a rinneadh nuair is gá.	Cuireann Comhairlí Réigiúnacha tuascáil stádais isteach le haghaidh gach tionscadail, chun meastóireacht a dhéanamh ar úsáid cistí agus ar dhul chun cinn i dtionscadail feabhsúcháin.				C4	2023	Beidh tuascálacha stádais curtha isteach ag Comhairlí Réigiúnacha ina mbeidh tuairisc ar an dul chun cinn teicniúil agus eacnamaíoch, le fógra maidir le dialltaí ón iarratas bunaidh, tuascáil stádais na mblianta roimhe sin agus scéimeanna fóirdheontais. Mar gheall ar an éagsúlacht i ndálaí ithreach áitiúla, saintréith an éillithe, d'fhéadfadh an ghníomhaíocht ghlantacháin a bheith éagsúil idir láithreáin. Cuirtear an stádas isteach le haghaidh gach tionscadail feabhsúcháin chun forbairt theicniúil agus airgeadais an tionscadail a leanúint.

C. COMPONENT 3: ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH, TÉAMH GLAS AGUS GABHÁIL AGUS STÓRÁIL CARBÓIN

Is gné thábhachtach í an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge chun cuspóirí uailmhianacha an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach chomh maith le sprioc náisiúnta na Danmhairge astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 70 faoin gcéad faoi 2030 (i gcomparáid le leibhéal 1990) agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

Is é is aidhm don chomhpháirt sin éifeachtúlacht fuinnimh agus téamh glas a mhéadú i bhfoirgnimh phoiblí agus phríobháideacha, sa tionsclaíocht, chomh maith le féachaint ar acmhainneacht gabhála agus stórála carbóin i réimsí ola agus gáis ídithe faoin Muir Thuaidh, rud a éilíonn tuilleadh anailísí, tástáil toibreacha instealltaí agus léiriú féidearthachtaí stórála.

Is iad cuspóirí na comhpháirte sin spreagadh agus infheistíochtaí a sholáthar i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh chun tacú leis an aistriú glas, cruthú post áitiúil a neartú agus comhleanúnachas agus athléimneacht a áirithiú trí athchóiriú a dhéanamh ar an stoc foirgneamh atá ann cheana. Áireofar le hinfeistíochtaí agus scéimeanna fóirdheontais sa chomhpháirt seo bearta éifeachtúlachta fuinnimh, dóirí ola agus gáis a thiontú ina bhfoinsí téimh inbhuanaithe agus teaghlaigh, tionscail agus foirgnimh phoiblí a athchóiriú. Laghdóidh siad sin ídiú fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa.

Trí infheistíocht a dhéanamh i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh agus in athchóiriú foirgneamh, tacófar leis an earnáil tógála agus le fochonraitheoirí a chruthaíonn poist i ngnólachtaí dá dtugtar tacaíocht.

Tá scéimeanna fóirdheontais sa chomhpháirt atá dírithe ar fhoirgnimh san earnáil phoiblí a bhfuil drochlipéid fuinnimh acu agus tá coinne leis go dtacóidh bearta éifeachtúlachta fuinnimh san earnáil thionsclaíoch leis an téarnamh eacnamaíoch ar fud na Danmhairge. Leis an gcomhpháirt sin, cuirfear chun cinn freisin feabhas ar fhoirgnimh phoiblí amhail institiúidí cúraim lae, agus scoileanna. Tá fobheart ábhartha go háirithe do theaghlaigh a bhfuil deiseanna maoinithe teoranta acu, i measc nithe eile. Tacóidh na bearta sin le comhleanúnachas agus athléimneacht shóisialta trí shaoráidí a áirithiú chun seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar.

tacaíonn na hinfeistíochtaí agus na hathchóirithe sin le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha a cuireadh faoi bhráid na Danmhairge anuraidh, maidir leis an ngá atá le *‘infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas [...], go háirithe ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil [...]*’ (moladh tírshonrach 2, 2020).

C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Infheistíocht 1: Buainteoirí Ola agus Foirnéisí Gáis a Athsholáthar

Is é is aidhm don bheart ola agus gás nádúrtha a chéimniú amach as an gcóras téimh agus teaschaidéil leictreacha agus téamh ceantair ó fhoinsí in-athnuaite a chur ina n-ionad. Is éard a bheidh sa bheart fóirdheontais a sholáthar chun dlús a chur le deireadh a chur de réir a chéile le dóirí ola agus foirnéisí gáis agus chun an costas ar thomhaltóirí a bhaineann leis an tiontú go téamh glas a laghdú. Leis an tacaíocht a sholáthraítear le plean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge, déanfar beart atá ann cheana a uas-scálú. Dáilfear an scéim tacaíochta chun dóirí ola agus foirnéisí gáis a ionadú sna trí fhoscéim seo a leanas: (1) Foscéim le haghaidh téamh ceantair (‘Fjernvarmepuljen’): soláthróidh sí fóirdheontas chun eangacha téimh ceantair a leathnú go limistéir nua; (2) Foscéim le haghaidh díchúpláil (‘Afkoblingsordningen’): gearrann cuideachta dáileacháin gáis na Danmhairge atá faoi úinéireacht stáit táille chun costas an díchúpláilcháin a chumhdach. Leis an scéim fóirdheontais seo, féadfar teaghlaigh a dhíolmhú ón táille seo. (3) Foscéim maidir le diúscairt (‘Skrotningsordningen’):

soláthróidh sí fóirdheontas do chuideachtaí a thairgeann teaschaidéil ar shintíús le haghaidh tithíocht phríobháideach ar feadh na bliana.

Infheistíocht 2: Éifeachtúlacht fuinnimh sa tionsclaíocht

Is é is aidhm don tionscnamh dlús a chur le bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus leis an aistriú chuig fuinneamh glas in earnáil na tionsclaíochta agus meastar go dtiocfaidh laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar thoradh air. Déanfaidh sé scéim náisiúnta atá ann cheana a uas-scálú. Díríonn an scéim ar choigilteas fuinnimh i ngach gnólacht príobháideach agus leithdháilfear na cistí ar na hiarratasóirí tar éis nós imeachta roghnúcháin iomaíoch bunaithe ar chritéar maidir leis an gcoigilteas fuinnimh is airde in aghaidh an fhóirdheontais a fhaightear.

Infheistíocht 3: Athchóiriú fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí

Is é cuspóir an bhirt tacú le gníomhaíochtaí coigiltis fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí a bhfuil an fheidhmíocht fuinnimh is ísle acu. Is éard atá sa bheart athchóirithe fuinnimh.

Infheistíocht 4: Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe

Is é cuspóir an bhirt rannchuidiú le héifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe. Is éard atá sa bheart tionscadail athchóirithe fuinnimh.

Infheistíocht 5: Acmhainneacht Gabhála agus Stórála Carbóin (CCS)

Díreoidh an beart seo ar fhorbairt agus ar léiriú indéantacht theicniúil agus eacnamaíoch stóráil CO₂ i réimsí ola agus gáis ídithe sa chuid Dhanmhargach den Mhuir Thuaidh. Déanfar tuilleadh forbartha, tástála agus léirithe ar stóráil CO₂ chun an fhéidearthacht theicniúil agus airgeadais a chinneadh sula dtiocfaidh aon gháscheantair ídithe agus aon olacheantair ídithe chun bheith oibríochtúil. Ní chumhdófar leis an tacaíocht na hinfeistíochtaí is gá chun saoráidí stórála oibríochtúla CO₂ a chur chun feidhme ach staidéar féidearthachta amháin mar a thuairiscítear thuas.

C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Sprioc	Ráithe	Bliain	
19	3 - Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin - Dóirí ola agus foirnéisí gáis a ionadú	Garsprioc	Glacadh comhaontú polaitiúil maidir le leithdháileadh na geistí do na scéimeanna chun teaschaidéil leictreacha agus téamh ceantair a chur in ionad dóirí ola agus foirnéisí gáis.	Déantar comhaontú polaitiúil idir an rialtas agus tromlach na parlaiminte a thabhairt i gcrích agus a fhoilsiú ar leathanach gréasáin na hAireachta ábhartha.				C2	2021	Bainfear an gharsprioc amach nuair a bheidh tromlach de pharlaimint na Danmhairge tar éis teacht ar chomhaontú maidir le leithdháileadh na geistí do na scéimeanna tacaíochta chun teaschaidéil leictreacha agus téamh ceantair a chur in ionad dóirí ola agus foirnéisí gáis. Tá na nósanna imeachta ábhartha sa Pharlaimint curtha i gcrích. I gcomhthéacs na Danmhairge, is gnách go léiríonn comhaontuithe polaitiúla príomhchéimeanna i gceapadh beartas fiú le haghaidh bearta fadréimseacha agus de ghnáth tugann siad ráthaíocht leordhóthanach go gcuirfear bearta chun feidhme. Áirithíonn siad intuarthacht, cobhsaíocht agus éifeachtúlacht i gceapadh beartas, agus déanann siad páirtithe a ghealladh thar roinnt téarmaí parlaiminteacha. Beidh an comhaontú polaitiúil maidir leis an gcaoi a bhfuil DKK 645 000 000 le dáileadh i measc na scéimeanna tacaíochta chun deireadh a chur de réir a chéile le dóirí ola agus foirnéisí gáis de thionscnamh ‘Energiaftale 2018’ agus ‘Klimaaftale for energi og industri mv. 2020”. Bainfear amach leis an mbeart laghdú 30 % ar a laghad ar an éileamh príomhúil ar fhuinneamh ar leibhéal an fhoirgnimh.

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistiocht)	Garsprioc/ Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Sprioc	Ráithe	Bliain	
20	3 - Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin - Dóirí ola agus foirnéisí gáis a ionadú	Garsprioc	Faighteoirí cistí a roghnú chun dóirí ola agus foirnéisí gáis a athsholáthar.	Faighteoirí ciste atá comhlánaithe a roghnú.				C1	2025	Bainfear an gharsprioc amach nuair a bheidh roghnú na n-iarratas chun dóirí ola agus foirnéisí gáis a ionadú curtha i gcrích i gcomhréir leis na cuspóirí i gcloch mhíle 19.
22	3 - Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin - Éifeachtúlacht fuinnimh sa tionsclaíocht	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil le haghaidh scéim fóirdheontais le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh sa tionscal.	Ghlac an pharlaimint an gníomh dlí lena mbunaítear an scéim fóirdheontais, a foilsíodh agus a tháinig i bhfeidhm.				C3	2021	Bainfear an gharsprioc amach nuair a bheidh an creat dlíthiúil le haghaidh scéim fóirdheontais um éifeachtúlacht fuinnimh in earnáil na tionsclaíochta glactha ag an bparlaimint, foilsithe agus tagtha i bhfeidhm. Leithdháilfear na cistí ar bhonn nós imeachta roghnúcháin iomaíoch.
23	3 - Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin - Éifeachtúlacht fuinnimh sa tionsclaíocht	Garsprioc	Tá na babhtáí iarratais bliantúla don scéim fóirdheontais chun coigilteas fuinnimh a bhaint amach sa tionscal curtha i gcrích.	Leithdháiltear cistí ar chuideachtaí táirgthe, trádála agus seirbhíse faoi úinéireacht phríobháideach, lena n-áirítear talmhaíocht, gairneoireacht agus iascach. Dáiltear fóirdheontais ar thionscadail a laghdaíonn an tomhaltas fuinnimh deiridh foriomlán i				C4	2022	Bainfear an gharsprioc amach nuair a bheidh na babhtáí iarratais uile curtha i gcrích agus nuair a leithdháilfear cistí chun coigilteas fuinnimh a bhaint amach sa tionscal.

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Sprioc	Ráithe	Bliain	
				dtionscal na Danmhairge.						
25	3 — Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin — Athchóiriú fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí	Garsprioc	Eisíonn an rialtas ordú reachtúil lena mbunaítear scéim fóirdheontais le haghaidh athchóirithe fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí.	Foilsítear an t-ordú reachtúil agus áireofar ann an creat dlíthiúil maidir le samhail/bunú na scéime fóirdheontais le haghaidh athchóirithe fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí.				C4	2021	Baintear an chloch mhíle amach nuair a fhoilsíonn an rialtas an t-ordú reachtúil. Saineofar sa chreat dlíthiúil sin na coinníollacha maidir le cistiú a fháil faoin scéim fóirdheontais le haghaidh athchóirithe fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí, amhail uasmhéid an deontais nó spriocghrúpa.
26	3 — Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin — Athchóiriú fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí	Sprioc	Athchóiriú fuinnimh i 44 fhoirgneamh.		Uimhir	0	44	C4	2025	Tacaíodh le hathchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh 44 fhoirgneamh.
27	3 — Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin — Acmhainneacht stórála CCS	Garsprioc	Dámhachtain conarthaí d'iarratasóirí roghnaithe le haghaidh staidéar féidearthachta CCS.	Glaon ar iarratasóirí agus roghnú glacadóirí ciste curtha i gcrích.				C4	2021	Bainfear an gharsprioc amach nuair a bheidh roghnú na n-iarratasóirí ar staidéir indéantachta CCS curtha i gcrích tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte a dhéanamh.

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le cur i gcrích		Túairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Sprioc	Ráithe	Bliain	
28	3 — Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin — Acmhainneacht stórála CCS	Garsprioc	Staidéar féidearthachta a chur i gcrích maidir le stóráil CCS. Tá cinneadh déanta ag an Rialtas leanúint ar aghaidh leis an obair.	Staidéar féidearthachta curtha i gcrích.				C4	2023	Beidh sa staidéar féidearthachta torthaí agus anailís bunaithe ar na tionscadail tástála agus taispeána dá dtugtar tacaíocht maidir le CO2 a stóráil i réimsí ola agus gáis ídithe. Tá cinneadh déanta ag an Rialtas leanúint ar aghaidh leis an obair.
30	3 - Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin - Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe	Sprioc	Tionscadail athchóirithe fuinnimh		Uimhir	0	10 762	C2	2026	D'eisigh Gnómhaireacht Fuinnimh na Danmhairge litreacha íocaíochta le haghaidh 10 762 thionscadal athchóirithe fuinnimh.

D. COMHPHÁIRT 4: ATHCHÓIRIÚ AR AN GCÁIN GHLAS

Is iad gáis ceaptha teasa ó sheirbhís agus ó thionscal is cúis le thart ar an gcúigiú cuid d'astaíochtaí na Danmhairge. Le plean téarnaimh na Danmhairge, cuirfear cistiú ar fáil do scéim infheistíochta, lena n-éascófar infheistíochtaí glasa agus digiteacha. Meastar go gcruthófar dreasachtaí soiléire leis an scéim sin agus go mbeidh cuideachtaí in ann dlús a chur le claochlú glas na gcumas táirgthe, a n-astaíochtaí a laghdú roimh ré agus oiriúnú do chéim a dó den athchóiriú cánach agus do cháin ar astaíochtaí carbóin amach anseo. Ina dhiaidh sin, beidh cánacha fuinnimh á n-ardú ó 2023 ar aghaidh, agus na cánacha fuinnimh atá ann faoi láthair á n-atreorú i dtreo astaíochtaí CO₂.

Meastar go gcuideoidh an tAthchóiriú ar an gCáin Ghlas leis an Danmhairg téarnamh ó chúlú eacnamaíoch COVID-19, cruthófar dreasachtaí do chuideachtaí chun infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht ghlas agus dhigiteach. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh agus méadú ar fhostaíocht mar thoradh air sin chomh maith le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus digitiú shochaí na Danmhairge a chur chun cinn. Meastar go laghdóidh an chomhpháirt astaíochtaí gás ceaptha teasa 0.5 meigeathonna faoi 2030. Bainfear é sin amach trí na cánacha ar fhuinneamh iontaise próisis an tionscail a mhéadú. Díreofar an méadú tosaigh ar chánachas fuinnimh iontaise go díreach ar chion CO₂ na mbreoslaí iontaise éagsúla sula mbogfar an tAthchóiriú ar an gCáin Ghlas go dtí an dara céim. Chun aistriú cuideachtaí chuig fuinneamh glan a éascú, borradh a chur faoi acmhainneacht fáis, agus ullmhú do cháin charbóin níos airde, tugtar le tuiscint leis an athchóiriú freisin go mbeidh asbhaint chánach mhéadaithe ann do chuideachtaí a infheistíonn i gcostais acmhainneachta, amhail an teicneolaíocht. Ní áireofar leis an ionú infheistíochta sin innealra a ritheann ar bhreoslaí iontaise chun aistriú glas na tionsclaíochta agus comhlíonadh an phrionsabail 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' a áirithiú. Cuirfidh an t-ionú infheistíochta borradh faoi acmhainneacht fáis agus cruthú post na gcuideachtaí, agus ag an am céanna spreagfaidh sé cuideachtaí chun infheistíocht a dhéanamh i gcrua-earraí agus i dteicneolaíocht nua ar féidir leo astaíochtaí a laghdú san fhadtéarma.

* Leis na hinfeistíochtaí agus na hathchóirithe sin, rannchuideofar leis na moltaí tírshonracha a cuireadh faoi bhráid na Danmhairge in 2020, maidir leis an ngá atá le "[...] *infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun an téarnamh eacnamaíoch a chothú*" agus "*infheistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus digiteach [...]*" (moladh tírshonrach 2, 2020).

D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Infheistíocht 1: Ionú infheistíochta

Táthar ag súil go gcuirfidh an t-ionú infheistíochta borradh faoi acmhainneacht fáis agus cruthú post na gcuideachtaí, agus go spreagfaidh sé cuideachtaí chun infheistíocht a dhéanamh i gcrua-earraí agus i dteicneolaíocht nua ar féidir leo astaíochtaí a laghdú san fhadtéarma. Is éard a bheidh san athchóiriú cánach asbhaint chánach atá méadaithe go sealadach do chuideachtaí a infheistíonn i gcostais acmhainneachta, amhail teicneolaíocht agus bogearraí a d'fhéadfadh cabhrú le hoibríochtaí gnó a mhéadú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ag an am céanna. Ní áireofar san fhuinneog infheistíochta innealra a ritheann ar bhreoslaí iontaise chun aistriú glas na tionsclaíochta a áirithiú agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'.

Infheistíocht 2: Dímhéas luathaithe

Leis an tionscnamh, soláthrófar na moltaí don Danmhairg sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide chun tús áite a thabhairt d'infheistíochtaí in aistriú glas agus digiteach, agus trí aistriú cóir a áirithiú do na cuideachtaí is mó a ndéantar difear dóibh trí athchóiriú cánach glas a chur chun feidhme. De réir na rialacha atá ann faoi láthair, féadfar infheistíochtaí cuideachtaí i sócmhainní seasta (amhail innealra, trealamh agus cruu-earraí ríomhaire) ag a bhfuil praghas éadála faoi bhun DKK 14.100 a dhímheas láithreach. Ardófar an íostearainn sin go buan go DKK 30.000. Meastar go n-oibreoidh méadú ar an tairseach mar thionscnamh spreagtha gearrthéarmach, toisc go ngineann sé leachtacht

bhreise do ghnólachtaí sna blianta tosaigh (áit a ndéantar na hinfheistíochtaí beaga uile a dhímheas ag 100 faoin gcéad) ach go laghdaíonn sé le himeacht ama de réir mar a laghdaítear dímheasanna amach anseo (dímheasadh cheana féin sa bhliain. Tar éis an 31 Nollaig 2025, d'fhéadfadh caillteanais fhioscacha don Danmhairg a bheith mar thoradh ar an teorainn mhéadaithe. Cumhdófar na caillteanais sin tríd an mbuiséad foriomlán le haghaidh caiteachais fhioscacha a laghdú. Táthar ag súil go neartóidh méadú ar an tairseach an dreasacht chun infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, agus táthar ag súil go gcuideoidh sé le leachtacht a neartú i measc cuideachtaí a thuilleann brabúis.

Athchóiriú 1: Grúpa saineolaithe chun tograí a ullmhú le haghaidh ríomhchánach CO2

Chun ullmhú don dara céim den Athchóiriú ar an gCáin Ghlas, bunófar grúpa saineolaithe a mbeidh sé de chúram air treochlár a tharraingt don chéad chéim eile de chánachas CO2e ar bhealach a bheidh comhsheasmhach le hiomaíochas agus cothromaíocht shóisialta na Danmhairge a chosaint agus sceitheadh a íoslaghdú. Rannchuideoidh sé sin le hathchóiriú cuimsitheach cánach le cáin CO2 níos airde agus comhchuibhithe ar na hastaíochtaí uile. Meastar go mbeidh obair shuntasach bhreise ag teastáil chuige sin, go háirithe maidir le hastaíochtaí nach bhfuil faoi réir cánach faoi láthair.

Mar thoradh ar athchóiriú cánach glaise, déanfar laghduithe suntasacha costéifeachtacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar bhealach atá cóir agus cothrom ó thaobh na sochaí de.

Athchóiriú 2 - Cánacha astaíochtaí ar thionscail

Tá cánacha fuinnimh an tionscail ar iontaisí réasúnta íseal, rud a fhágann gur féidir laghduithe costéifeachtacha ar gháis ceaptha teasa a sholáthar trí na cánacha sin a mhéadú. Le cur chun feidhme an bhirt sin, mhéadaigh rialtas na Danmhairge an leibhéal cánach le haghaidh astaíochtaí faoi DKK 6 / GJ/ app. 100 DKK/tona CO2 le haghaidh tionscail nach gcumhdaítear le CTA AE agus méadaíodh faoi dhó an leibhéal cánach le haghaidh astaíochtaí le haghaidh tionscail a chumhdaítear le CTA AE faoi 2026 i gcomparáid le 2020. Ardóidh sé sin an chánachas fuinnimh iontaise do gach tionscal go cothrom.

D.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Sprioc	Ráithe	Bliain	
31	4 — Athchóiriú ar an gCáin Ghlas — Ionú infheistíochta	Garsprioc	Ghlac Parlaimint na Danmhairge comhaontú polaitiúil maidir le hionú infheistíochta agus seoladh na nósanna imeachta reachtacha ábhartha sa Pharlaimint.	Sínítear agus foilsítear an comhaontú polaitiúil maidir leis an athchóiriú ar cháin ghlas, lena n-áirítear an fhuinneog infheistíochta, ar leathanach gréasáin na hAireachta Cánachais.				C4	2020	Tá tromlach Pharlaimint na Danmhairge tar éis teacht ar chomhaontú maidir leis an athchóiriú ar cháin ghlas, lena n-áirítear an fhuinneog infheistíochta. Seoladh na nósanna imeachta reachtacha ábhartha sa Pharlaimint. I gcomhthéacs na Danmhairge, is gnách go léiríonn comhaontuithe polaitiúla príomhchéimeanna i gceapadh beartas fiú le haghaidh bearta fadréimseacha agus de ghnáth tugann siad ráthaíocht leordhóthanach go gcuirfear bearta chun feidhme. Áirithíonn siad intuarthacht, cobhsaíocht agus éifeachtúlacht i gceapadh beartas, agus déanann siad páirtithe a ghealladh thar roinnt téarmaí parlaiminteacha.
32	4 — Athchóiriú ar an gCáin Ghlas — Ionú infheistíochta	Garsprioc	Glacann parlaimint na Danmhairge an bille maidir leis an athchóiriú ar cháin ghlas lena n-áirítear an fhuinneog infheistíochta agus tagann an tionscnamh i bhfeidhm.	Glactar an dlí maidir leis an athchóiriú ar cháin ghlas lena n-áirítear an t-ionú infheistíochta agus tagann sé i bhfeidhm.				C2	2021	Ghlac Parlaimint na Danmhairge an bille agus tháinig sé i bhfeidhm i mí Aibreáin 2021. Tá an t-ionú infheistíochta i bhfeidhm ón 23 Samhain 2020.
33	4 — Athchóiriú ar an gCáin Ghlas — Ionú infheistíochta	Sprioc	Bhain 1 000 cuideachta úsáid as an asbhaint chánach a chuir an fhuinneog		Uimhir	0	1 000	C2	2024	Comhlíontar an sprioc nuair a d'úsáid 1 000 cuideachta an asbhaint chánach arna soláthar ag an ionú infheistíochta. Léireofar le sliocht sonraí go bhfuil 1 000 cuideachta ar a laghad ag úsáid na

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Sprioc	Ráithe	Bliain	
			infheistíochta ar fáil.							hasbhainte cánach arna soláthar ag an ionú infheistíochta.
34	4 — Athchóiriú ar an gCáin Ghlas — Dímheas luathaithe	Garsprioc	Ghlac Parlaimint na Danmhairge comhaontú polaitiúil maidir le dímheas luathaithe agus seoladh na nósanna imeachta reachtacha ábhartha sa Pharlaimint.	Sínítear agus foilsítear an comhaontú polaitiúil maidir leis an athchóiriú ar cháin ghlas, lena n-áirítear an dímheas luathaithe, ar leathanach gréasáin na hAireachta Cánachais.				C4	2020	Tá tromlach Pharlaimint na Danmhairge tar éis teacht ar chomhaontú maidir leis an athchóiriú ar cháin ghlas lena n-áirítear an dímheas luathaithe. Seoladh na nósanna imeachta reachtacha ábhartha sa Pharlaimint. Seoladh na nósanna imeachta reachtacha ábhartha sa Pharlaimint. I gcomhthéacs na Danmhairge, is gnách go léiríonn comhaontuithe polaitiúla príomhchéimeanna i gceapadh beartas fiú le haghaidh bearta fadréimseacha agus de ghnáth tugann siad ráthaíocht leordhóthanach go gcuirfear bearta chun feidhme. Áirithíonn siad intuathacht, cobhsaíocht agus éifeachtúlacht i gceapadh beartas, agus déanann siad páirtithe a ghealladh thar roinnt téarmaí parlaiminteacha.
35	4 — Athchóiriú ar an gCáin Ghlas — Dímheas luathaithe	Garsprioc	Glacann parlaimint na Danmhairge an bille maidir leis an athchóiriú ar cháin ghlas lena n-áirítear an dímheas luathaithe agus tagann an tionscnamh i bhfeidhm.	Glactar an dlí maidir leis an athchóiriú ar cháin ghlas lena n-áirítear an dímheas luathaithe agus tagann sé i bhfeidhm.				C2	2021	Glacfaidh parlaimint na Danmhairge i mí Aibreáin 2021 an bille maidir leis an athchóiriú ar cháin ghlas, lena n-áirítear an dímheas luathaithe. Beidh an dímheas luathaithe infheidhme maidir le sócmhainní a cheannaítear an 23 Samhain 2020 nó ina dhiaidh sin.

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Sprioc	Ráithe	Bliain	
36	4 — Athchóiriú ar an gCáin Ghlas — Dímheas luathaithe	Sprioc	Bhain 1 000 cuideachta úsáid as an asbhaint chánach a soláthraíodh leis an dímheas luathaithe.		Uimhir	0	1 000	C2	2024	Comhlíontar an sprioc nuair a d'úsáid 1 000 cuideachta an asbhaint chánach a soláthraíodh leis an dímheas luathaithe. Léireofar le sliocht sonraí go bhfuil 1 000 cuideachta ar a laghad ag úsáid na hasbhainte cánach arna soláthar leis an dímheas luathaithe.
37	4 — Athchóiriú ar an gCáin Ghlas — Grúpa saineolaithe chun tograí a ullmhú le haghaidh ríomhchánacha CO2	Garsprioc	I gcomhréir le conclúidí na tuarascála ón ngrúpa saineolaithe le haghaidh rialachán aonfhoirmeach maidir le cáin CO2e, tionólfaidh an rialtas na páirtithe atá taobh thiar den athchóiriú ar cháin ghlas chun teacht ar chomhaontú maidir leis na chéad chéimeanna eile.	Is é an Rialtas a thionóla na páirtithe polaitiúla atá taobh thiar den chomhaontú.				C1	2023	Ar bhonn na moltaí ón ngrúpa saineolaithe maidir le samhlacha nithiúla le haghaidh plé polaitiúil aonfhoirmeach maidir le ríomhcháin CO2 ar na chéad chéimeanna eile, seolfar iad.
38	4 — Athchóiriú ar an gCáin Ghlas — Cánacha	Garsprioc	Ghlac parlaimint na Danmhairge comhaontú polaitiúil maidir le	Sínítear agus foilsítear an comhaontú polaitiúil maidir				C4	2021	Tá tromlach Pharlaimint na Danmhairge tar éis teacht ar chomhaontú maidir leis an athchóiriú ar cháin ghlas lena n-áirítear an cháin mhéadaithe ar astaíochtaí ar an tionscal.

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Sprioc	Ráithe	Bliain	
74	7 — Taighde ar réitigh ghlasa: An geilleagar ciorclach ag díriú ar dhramhaíl phlaisteach agus teicstíle a athúsáid agus a laghdú	Sprioc	Comhpháirtíochtaí a roghnú le haghaidh 'geilleagar ciorclach lena ndírítear ar dhramhaíl phlaisteach agus teicstíle a athúsáid agus a laghdú'.		Uimhir	0	1	C1	2022	Tá comhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach amháin nó níos mó roghnaithe ag an gCiste don Nuálaíocht don mhisean le haghaidh 'geilleagar ciorclach lena ndírítear ar dhramhaíl phlaisteach agus teicstíle a athúsáid agus a laghdú' ar bhonn glao oscailte tar éis treochláir dá dtagraítear i gcló mhíle 73 a roghnú. Áireofar i dtéarmaí tagartha an ghlaos oscailte ar thograí critéir incháilitheachta lena n-áiríteofar go gcomhlíonfaidh na tionscadail roghnaithe an Treoir Theicniúil 'Gan dochar suntasach a dhéanamh' (2021/C58/01) trí liosta eisiaimh a úsáid agus tríd an gceanglas reachtaíocht ábhartha an Aontais agus reachtaíocht ábhartha

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Sprioc	Ráithe	Bliain	
										náisiúnta maidir leis an gcomhshaol a chomhlíonadh.
75	7 — Taighde ar réitigh ghlasa: An geilleagar ciorclach ag díriú ar dhramhaíl phlaisteach agus teicstíle a athúsáid agus a laghdú	Sprioc	Tá maoiniú faighte ag comhpháirtíocht taighde agus nuálaíochta amháin ar a laghad maidir le ‘geilleagar ciorclach a dhíríonn ar dhramhaíl phlaisteach agus teicstíle a athúsáid agus a laghdú’.		Uimhir	0	1	C4	2022	Bunaíodh comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí amháin ar a laghad maidir le ‘geilleagar ciorclach lena ndírítear ar athúsáid agus ar laghdú dramhaíola plaistí agus teicstíle’ le rannpháirtíocht comhpháirtithe poiblí agus príobháideacha ábhartha agus fuair sí cistiú ón gCiste don Nuálaíocht, an Danmhairg.
76	7 — Taighde agus Forbairt Ghlas — Dreasachtaí chun borradh a chur faoi T&F;D i gcuideachtaí	Garsprioc	Tagann an bille maidir le hasbhaintí as obair thaighde agus forbartha i bhfeidhm.	Ghlac parlaimint na Danmhairge an bille maidir le hasbhaintí as obair thaighde agus forbartha agus tháinig sé i bhfeidhm.				C2	2021	Ghlac parlaimint na Danmhairge an bille maidir le hasbhaintí as obair thaighde agus forbartha agus tháinig sé i bhfeidhm. Leis an mbeart, cuirfear síneadh 130 % den bhliain airgeadais 2022 leis an mbonn le haghaidh dímhéasa agus leis an mbonn le haghaidh asbhaint i gcás speansais taighde agus

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/ Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Sprioc	Ráithe	Bliain	
										forbartha uile na hearnála príobháidí. Beidh éifeacht ag na hasbhaintí le haghaidh obair taighde agus forbartha amhail ón dáta de réir an dlí.
77	7 — Taighde agus Forbairt Ghlas — Dreasachtaí chun borradh a chur faoi T&F;D i gcuideachtaí	Sprioc	Bhain 500 gnólacht úsáid as an asbhaint chánach a soláthraíodh leis na hasbhaintí le haghaidh obair taighde agus forbartha.		Uimhir	0	500	C3	2023	Sliocht sonraí a léiríonn go bhfuil 500 gnólacht ag úsáid na hasbhainte le haghaidh obair taighde agus forbartha.

H. COMHCHUID 8: REPowerEU

Tá caibidil REPowerEU de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge bunaithe ar chúig phríomhbheart agus is é is aidhm di earnáil fuinnimh na Danmhairge a neartú agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

Meastar go rannchuideoidh an chaibidil seo de Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Danmhairge le cuspóirí uailmhianacha an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, chomh maith leis an sprioc náisiúnta astaíochtaí gás ceaptha teasa na Danmhairge a laghdú 70 % faoi 2030 (i gcomparáid le leibhéal 1990). Rannchuidíonn an chaibidil le plean na Danmhairge a chur chun cinn chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2045. Leis na tionscnaimh faoin gcaibidil seo, comhlánaítear agus neartaítear cuid de na bearta a áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh na Danmhairge.

Is iad seo a leanas cuspóirí chaibidil REPowerEU:

- Éifeachtúlacht fuinnimh a threisiú trí i) nósanna imeachta riaracháin agus ceadaithe a shimpliú agus a bhrostú chun tionscadail téimh ceantair a chur i bhfeidhm, agus ii) réitigh téimh ghlais ó fhoinsí in-athnuaite a fhóirdheonú in ionad dóirí ola agus foirnéisí gáis;
- Sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite trí i) ceadú le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite a shimpliú agus a luathú, ii) forbairt acmhainneachta gaoithe amach ón gcósta a chothú;
- Aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh trí shuiteáil réiteach téimh ghlais a fhóirdheonú agus trí na nósanna imeachta le haghaidh suiteálacha den sórt sin a chuíchóiriú; agus
- Na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá chun na cuspóirí fuinnimh agus aeráide a bhaint amach a thabhairt don lucht saothair trí thacú le tionscnaimh uas-scilithe ghlasa.

Tá gné nó éifeacht trasteorann agus ilnáisiúnta ag baint le trí cinn de na cúig bheart faoin gcaibidil. Leis na bearta maidir le fuinneamh in-athnuaite agus maidir le dóirí ola agus foirnéisí gáis a ionadú, meastar go rannchuideofar le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise a laghdú, leis an soláthar fuinnimh san Aontas a dhaingniú agus le feabhas dearfach a chur ar an gcothromaíocht idir éileamh agus soláthar agus na héifeachtaí trasteorann a d'fhéadfadh a bheith ann.

Rannchuidíonn caibidil REPowerEU go háirithe le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha (CSRanna) 2022.1, 2022.4 agus 2023.4:

- CSR 2022.1.2: Moladh chun infheistíocht phoiblí a leathnú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as cistí eile de chuid an Aontais;
- CSR 2022.4.1 agus CSR 2023.4.1 agus 2: Moladh chun an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus an soláthar fuinnimh a éagsúlú a thuilleadh;
- CSR 2022.4.2 agus CSR 2023.4.4: Moladh chun cuidiú leis an ngeilleagar a dhíchárbónú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, lena n-áirítear trí athchóirithe a thabhairt isteach chun nósanna imeachta riaracháin agus ceadaithe a shimpliú agus a bhrostú, gréasáin tarchurtha fuinnimh a uasghrádú, idirnáisc le tíortha comharsanachta a mhéadú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú;
- Moladh Tírshonrach 2022.4.4: Moladh chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú; agus
- Moladh Tírshonrach 2023.4.6 agus 7: Moladh maidir le leathadh amach níos fearr foinsí téimh dícharbónaithe a áirithiú agus dlús a chur le hiarrachtaí beartais atá dírithe ar na scileanna is gá don aistriú glas a sholáthar agus a fháil.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01) á gcur san áireamh.

H.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Athchóiriú 1: Foireann Náisiúnta um Ghéarchéimeanna Fuinnimh (NEKST)

Is é is cuspóir don bheart rannchuidiú le réitigh téimh ghlais agus tionscadail fuinnimh in-athnuaite ar tír a chur i bhfeidhm. Is éard atá i gceist leis an mbeart NEKST a bhunú, a mholtaí a fhoilsiú, agus gníomhaíocht leantach a dhéanamh.

Infheistíocht 1: Tacú le húsáid fuinnimh gaoithe

Is é cuspóir an bhirt rannchuidiú le leathnú an fhuinnimh gaoithe. Tá dhá fhobheart sa bheart seo.

- I. **Fobheart 1:** Ullmhú agus foilsiú glao amháin ar a laghad ar thairiscintí le haghaidh 4 GW d'fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta.
- II. **Fobheart 2:** Tuarascáil dhigiteach a fhoilsiú maidir le scagadh a dhéanamh ar limistéir le haghaidh gaoth amach ón gcósta sa Danmhairg.

Infheistíocht 2: Uas-sciliú glas

Is é is cuspóir don bheart tacú le huas-sciliú glas an lucht saothair. Is éard atá sa bheart deontais a eisíoc le haghaidh gníomhaíochtaí uas-scilithe glasa.

Infheistíocht 3: Beart méadaithe: Dóirí ola agus foirnéisí gáis a ionadú

Is é is cuspóir don bheart seo infheistíocht a mhéadú 1: Dóirí ola agus foirnéisí gáis a ionadú faoi Chomhchuid 3. Is éard atá i gceist leis an mbeart sin teaschaidéil nó téamh ceantair a chur in ionad foirnéisí gáis nó dóirí ola.

Infheistíocht 4: Beart méadaithe: Éifeachtúlacht Fuinnimh sa Tionscal

Is é is cuspóir don bheart seo infheistíocht 2: Éifeachtúlacht fuinnimh sa tionscal faoi Chomhchuid 3 a mhéadú. Is éard atá sa bheart tacú le tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh sa tionscal.

H.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch Mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Sprioc	Ráithe	Bliain	
78	8 — REPowerEU — Foireann Náisiúnta um Ghéarchéimeanna Fuinnimh (NEKST)	Garsprioc	‘NEKST’ a ionchorprú sna hAchtanna Airgeadais le haghaidh na mblianta 2023 agus 2024 agus an tuarascáil ar dhul chun cinn a fhoilsiú.	NEKST arna ionchorprú sna hAchtanna Airgeadais le haghaidh 2023 agus 2024. Moltaí NEKST foilsithe ar shuíomh gréasáin na hAireachta Aeráide, Fuinnimh agus Fóntas.				C2	2024	Ag tógáil ar Chomhaontú Chomhghuaillíocht an Rialtais ón 14 Nollaig 2022 chun ‘NEKST’ a bhunú, déanfar na tionscnaimh chun NEKST a bhunú a ionchorprú sna hAchtanna Airgeadais le haghaidh 2023 agus 2024 faoi seach. Foilseofar moltaí mheithleacha 1 agus 2 NEKST ar shuíomh gréasáin na hAireachta Aeráide, Fuinnimh agus Fóntas. Áireofar sna moltaí sin tuairiscí ar thionscnaimh nithiúla agus ar ghníomhaíochtaí riaracháin a moladh, lena n-áirítear riachtanais shainaitheanta le haghaidh gníomhaíocht rialála nó reachtach. Nuair a fhoilseofar é, cuirfear Parlaimint na Danmhairge ar an eolas.
79	8 — REPowerEU — Foireann Náisiúnta um Ghéarchéimeanna Fuinnimh (NEKST)	Garsprioc	Bearta maidir le líonra téimh a chur chun feidhme.	Cuireadh bearta maidir le líonra téimh chun feidhme.				C2	2026	- Foilsíodh treoir do chuideachtaí téimh ceantair agus/nó do bhardais maidir leis an bpróiseas le haghaidh tionscadail téimh ceantair a bharrfheabhsú agus maidir le costais do líonra téimh ceantair a chumhdach ar shuíomhanna gréasáin na hAireachta Aeráide, Fuinnimh agus Fóntas agus Gníomhaireacht Fuinnimh na Danmhairge, faoi seach. - Gníomhartha dlí lena socraítear uastréimhse dímheasa 45 bliana do phíblínte agus do chomhláí gaolmhara chun uisce, gal nó gás téite a tharchur agus a dháileadh (gan gás nádúrtha a áireamh) agus lena n-aisghairtear an chaidhp phraghais do chuideachtaí a sholáthraíonn barrachas teasa, tá siad tagtha i bhfeidhm.

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch Mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Sprioc	Ráithe	Bliain	
										- Tá 50 bardas ar a laghad a sholáthair gás le haghaidh téimh tar éis togra tionscadail amháin ar a laghad le haghaidh téamh ceantair a fhormheas.
81	8 — REPowerEU — Foireann Náisiúnta um Ghéarchéimeanna Fuinnimh (NEKST)	Garsprioc	Gníomhartha dlí maidir le húsáid fuinnimh in-athnuaite.	Tháinig gníomhartha dlíthiúla i bhfeidhm.				C2	2026	Tá gníomhartha dlíthiúla tagtha i bhfeidhm: - rátaí na scéime bónaís um Fhuinneamh In-athnuaite (<i>VE-bonusordningen</i>) agus an Chiste Ghlais (<i>Grøn pulje</i>) a mhéadú; - bunús dlí a bhunú chun díolúintí ó chaomhnú an dúlra agus ó rialacha eile a dheonú i limistéir atá ainmnithe mar pháirceanna fuinnimh chun suiteálacha fuinnimh in-athnuaite a bhunú; - DKK 200 milliún ar a laghad a leithdháileadh san Acht Airgeadais 2026 le haghaidh fóirdheontais bhardasacha fuinnimh in-athnuaite; - rialacha maidir le próiseáil cásanna a leasú i mboird achomhairc le haghaidh tionscadail a bhaineann le gléasraí gaoithe nó gréine a bhunú; - an íostréimhse chomhairliúcháin phoiblí maidir le tuarascálacha ar an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú ó ocht seachtaine go 30 lá; - cáblaí faoi thalamh atá deartha le haghaidh voltais is mó ná 100 kV, agus saoráidí fostáisiúin gaolmhara, a dhíolmhú ó chinneadh maidir le scagadh faoin Acht um Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (<i>Miljøvurderingsloven</i>);

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch Mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Sprioc	Ráithe	Bliain	
										- uasteorainn a thabhairt isteach ar an am próiseála le haghaidh achomhairc a bhaineann le cinntí maidir le fuinneamh in-athnuaite a bhunú.
82	8 — REPowerEU — Ullmhúcháin do 4 Ghigeavata (GW) de ghaoth amach ón gcósta	Garsprioc	Glao ar thairiscintí a ullmhú agus a fhoilsiú le haghaidh 4 GW de ghaoth amach ón gcósta.	Glao amháin ar a laghad ar thairiscintí le haghaidh 4 GW de ghaoth amach ón gcósta ullmhaithe agus foilsithe.				C1	2026	Glao amháin ar a laghad ar thairiscintí a ullmhú agus a fhoilsiú le haghaidh 4 GW de ghaoth amach ón gcósta. Áirítear leis an obair ullmhúcháin obair anailíseach, theicniúil agus dhlíthiúil chun an tairiscint, an t-idirphlé margaidh agus an nós imeachta tairisceana a ullmhú.
83	8 — REPowerEU — Scagadh ar limistéir le haghaidh gaoth amach ón gcósta sa Danmhairg	Garsprioc	Tuascáil dhigiteach a fhoilsiú maidir le scagadh a dhéanamh ar limistéir le haghaidh gaoth amach ón gcósta sa Danmhairg.	Tuascáil dhigiteach maidir le scagadh a dhéanamh ar limistéir le haghaidh gaoth amach ón gcósta sa Danmhairg arna foilsiú ag Gníomhaireacht Fuinnimh na Danmhairge.				C2	2026	Foilseoidh Gníomhaireacht Fuinnimh na Danmhairge tuascáil dhigiteach maidir le scagadh a dhéanamh ar limistéir le haghaidh gaoth amach ón gcósta sa Danmhairg. Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad sa tuascáil: - mapáil iogaireachta; - measúnú ar na héifeachtaí carnacha a bhaineann le cur in úsáid mórskála gaoithe amach ón gcósta; agus - measúnú ar na deiseanna cómhahaireachtála idir gaoth amach ón gcósta agus gníomhaíochtaí eile ar muir.
86	8 — REPowerEU — Uas-sciliú glas	Garsprioc	Cur chun feidhme praiticiúil na gcistí uas-scilíthe glasa	Comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le cur chun feidhme praiticiúil na gcistí uas-scilíthe glasa idir an rialtas agus na páirtithe sa chomhaontú polaitiúil maidir leis				C4	2024	Bainfear an gharsprioc amach trí chomhaontú a thabhairt i gcrích maidir le cur chun feidhme praiticiúil na gcistí le haghaidh uas-sciliú glas idir an rialtas agus na páirtithe sa chomhaontú polaitiúil maidir leis an athchóiriú ar cháin ghlas don tionscal ón 24 Meitheamh 2022. Áireofar sa chomhaontú maidir le cur chun feidhme praiticiúil na gcistí gealltanais buiséadach DKK 207 800 000 ar a laghad agus leagfar amach ann go n-úsáidfear na cistí le haghaidh na nithe seo a leanas:

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch Mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Sprioc	Ráithe	Bliain	
				an athchóiriú ar cháin ghlas ón 24 Meitheamh 2022						1. infheistíochtaí trealaimh, lena n-áirítear tuairisc ar an gcaoi a bhfuiltear ag súil go rannchuideoidh na hinfeistíochtaí trealaimh le forbairt scileanna agus eolais a bhaineann le teicneolaíochtaí glasa agus leis an inbhuanaitheacht; 2. forbairt scileanna múinteoirí, lena n-áirítear tuairisc ar an gcaoi a mbaineann oiliúint múinteoirí le cúrsaí atá tiomnaithe do theicneolaíochtaí glasa agus don inbhuanaitheacht; 3. forbairt agus tástáil cúrsaí oiliúna, lena n-áirítear tuairisc ar an gcaoi a gcuireann na cúrsaí sin le huas-sciliú glasa agus ar an gcaoi a mbeidh múinteoirí nó teagascóirí atá inniúil san ábhar sa scoil/sna scoileanna nó san institiúid/sna hinstitiúidí rannpháirteach sa phróiseas forbartha agus tástála.
88	8 — REPowerEU — Uas-sciliú glasa	Sprioc	Eisíocaíocht deontais		DKK milliún		187.02	C3	2026	Eisíocadh deontais DKK 187 020 000 le tairbhíthe le haghaidh gníomhaíochtaí uas-scilithe glasa, lena n-áirítear forbairt cúrsaí oiliúna, nó infheistíochtaí trealaimh, nó uas-sciliú múinteoirí.
89	8 — REPowerEU — Dóirí ola agus foirnéisí gáis a ionadú	Sprioc	Cuireadh téamh ceantair nó teaschaidéil in ionad 27 583 dóirí ola nó foirnéisí gáis ar a laghad		Uimhir	0	27 583	C2	2026	Cuireadh teaschaidéil nó téamh ceantair in ionad 27 583 dóirí ola nó foirnéisí gáis ar a laghad.
94	8 — Beart méadaithe REPowerEU: Éifeachtúlacht fuinnimh sa tionsclaíocht	Sprioc	430 318 MWh ar a laghad in aghaidh na bliana de choigilteas fuinnimh ríofa.		MWh/bliain	0	430 318	C2	2026	Seoladh litir íocaíochta chuig tairbhíthe le haghaidh tionscadail éifeachtúlachta fuinnimh. Is é 430 318 MWh in aghaidh na bliana ar a laghad méid iomlán an choigiltis fuinnimh ríofa.

I. COMHCHUID 9: INIÚCHADH AGUS RIALÚ

I.1. Tuairisc ar an athchóiriú

Athchóiriú 1: Socruithe le haghaidh chreat rialaithe an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta

Is é cuspóir foriomlán na mbeart feabhas a chur ar chreat rialaithe Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Danmhairge. Chun a áirithiú go mbeidh an córas stóir lánoibríochtúil agus lánfheidhmiúil, soláthróidh an Danmhairg tacar sonraí iomlán agus iontaofa arna bhailiú agus arna stóráil i gcomhréir le hAirteagal 22(2)(d) de Rialachán RRF. Ina theannta sin, glacfaidh Aireacht Airgeadais na Danmhairge plan gníomhaíochta a bhaineann leis an straitéis frithchalaoise agus frithéillithe chun cur chun feidhme éifeachtach na gcuspóirí a leagtar amach sa straitéis sin a áirithiú.

I.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár le haghaidh faireacháin agus cur chun feidhme

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Garsprioc/Sprioc	Ainm an bhirt	Táscaire cáilíochtúil (le haghaidh garspriocanna)	Táscaire cainníochtúil (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach le cur i gcrích		Tuairisc agus sainmhíniú soiléir ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnline	Sprioc	Ráithe	Bliain	
92	9 — Iniúchadh agus Rialú	Garsprioc	Córas stórais	Tacar sonraí iomlán agus iontaofa i gcomhréir le hAirteagal 22(2)(d) de Rialachán RRF.				C4	2023	Beidh córas stórais chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean feidhmiúil agus oibríochtúil. Áireofar sa chóras, ar a laghad, na feidhmiúlachtaí seo a leanas: (a) sonraí a bhailiú agus faireachán a dhéanamh ar bhaint amach garspriocanna agus spriocanna; (b) na sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 22(2)(d)(i) go (iii) de Rialachán RRF a bhailiú, a stóráil agus rochtain orthu a áirithiú. Tíolacfaidh an Aireacht Airgeadais tacar sonraí iomlán agus iontaofa arna bhailiú agus arna stóráil i gcomhréir le hAirteagal 22(2)(d)(i) go (iii) de Rialachán RRF.
93	9 — Iniúchadh agus Rialú	Garsprioc	Plean gníomhaíochta a bhaineann leis an straitéis frithchalaoise agus frithéillithe a ghlacadh.	Glacadh an phlean gníomhaíochta a bhaineann leis an straitéis frithchalaoise agus frithéillithe.				C4	2023	Glacfaidh an Aireacht Airgeadais straitéis frithchalaoise agus frithéillithe RRF agus ansin, glacfaidh na comhlachtaí cur chun feidhme plean gníomhaíochta ina leagfar amach an amlíne mhionsonraithe maidir leis an gcaoi a dtabharfar an straitéis isteach go héifeachtach ina gcórais rialaithe inmheánaigh.

2. Costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta

Is é DKK 13 477 000 000 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge, arb ionann é agus EUR 1 781 489 765 ar bhonn ráta tagartha EUR DKK BCE an 30 Aibreán 2021 don phlean bunaidh, ar bhonn ráta tagartha EUR DKK BCE an 31 Bealtaine 2023 do chaibidil REPowerEU agus ar bhonn ráta tagartha EUR DKK BCE an 2 Márta 2026.

Is é DKK 2 251 999 996 costas measta iomlán chaibidil REPowerEU, arb ionann é agus EUR 271 941 620 ar bhonn ráta tagartha EUR DKK BCE an 31 Bealtaine 2023. Go háirithe, is é EUR 0 costas measta iomlán na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2023/435 agus is é EUR 271 941 620 costas na mbeart eile i gcaibidil REPowerEU.

Alt 2: Tacaíocht airgeadais

1. Ranníocaíocht airgeadais

Eagrófar na tráthchodanna dá dtagraítear in Airteagal 2(2) ar an mbealach seo a leanas:

1.1. An Chéad Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch Mhíle / Sprioc	Ainm
31	4 — Athchóiriú ar an gCáin Ghlas — Ionú infheistíochta	Garsprioc	Ghlac parlaimint na Danmhairge comhaontú polaitiúil maidir le hionú infheistíochta agus seoladh na nósanna imeachta reachtacha ábhartha sa Pharlaimint.
34	4 — Athchóiriú ar an gCáin Ghlas — Dímhéas luathaithe	Garsprioc	Ghlac parlaimint na Danmhairge comhaontú polaitiúil maidir le dímhéas luathaithe agus seoladh na nósanna imeachta reachtacha ábhartha sa Pharlaimint.
41	5 — Iompar Inbhuanaithe de Bhóthar — Tosaíocht a thabhairt an athuair do cháin chlárúcháin feithiclí agus do cháin íseal leictreachais ar fheithiclí leictreacha a luchtú	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an ghnímh dhlíthiúil chun tosaíocht a thabhairt an athuair do cháin chlárúcháin feithiclí agus do cháin íseal leictreachais ar fheithiclí leictreacha a luchtú.
19	3 - Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin - Dóirí ola agus foirnéisí gáis a ionadú	Garsprioc	Glacadh comhaontú polaitiúil maidir le leithdháileadh na geistí do na scéimeanna chun teaschaidéil leictreacha agus téamh ceantair a chur in ionad dóirí ola agus foirnéisí gáis.
49	5 — Iompar Inbhuanaithe de Bhóthar — Scéim fóirdheontais do bháid farantóireachta glasa	Garsprioc	Glacadh comhaontú polaitiúil i measc thromlach na bpáirtithe i bParlaimint na Danmhairge maidir le haistriú glas bád farantóireachta.
32	4 — Athchóiriú ar an gCáin Ghlas — Ionú infheistíochta	Garsprioc	Glacann parlaimint na Danmhairge an bille maidir leis an athchóiriú ar cháin ghlas lena n-áirítear an fhuinneog infheistíochta agus tagann an tionscnamh i bhfeidhm.
35	4 — Athchóiriú ar an gCáin Ghlas — Dímhéas luathaithe	Garsprioc	Glacann parlaimint na Danmhairge an bille maidir leis an athchóiriú ar cháin ghlas lena n-áirítear an dímhéas luathaithe agus tagann an tionscnamh i bhfeidhm.
76	7 — Taighde agus Forbairt Ghlas — Dreasachtaí chun borradh a chur faoi T&F;D i gcuideachtaí	Garsprioc	Tagann an bille maidir le hasbhaintí as obair taighde agus forbartha i bhfeidhm.
64	7 — Taighde ar réitigh ghlasa: Gabháil agus stóráil carbóin nó úsáid CO ₂	Garsprioc	Treochláir mhisin a roghnú le haghaidh ‘gabháil agus stóráil carbóin nó úsáid CO ₂ ’.

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch Mhíle / Sprioc	Ainm
67	7 — Taighde ar réitigh ghlasa: Breoslaí glasa don iompar agus don tionsclaíocht	Garsprioc	Treochláir mhisin a roghnú le haghaidh ‘breoslaí glasa don iompar agus don tionsclaíocht’.
70	7 — Taighde ar réitigh ghlasa: Talmhaíocht agus táirgeadh bia atá neamhdhíobhálach don aeráid agus don chomhshaol	Garsprioc	Treochláir mhisin a roghnú le haghaidh ‘talmhaíocht agus táirgeadh bia atá neamhdhíobhálach don aeráid agus don chomhshaol’.
73	7 — Taighde ar réitigh ghlasa: An geilleagar ciorclach ag díriú ar dhramhaíl phlaisteach agus teicstíle a athúsáid agus a laghdú	Garsprioc	Treochláir mhisin a roghnú le haghaidh ‘geilleagar ciorclach lena ndírítear ar dhramhaíl phlaisteach agus teicstíle a athúsáid agus a laghdú’.
6	1 — Athléimneacht an Chórais Cúraim Sláinte a Neartú — Bainistiú agusampa éigeandála; faireachán ar tháirgí leighis criticiúla	Sprioc	Córas TF roghnach a chur chun feidhme chun fo-iarmhairtí vacsaíní COVID-19 a thuairisciú in 1 250 ardán digiteach áitiúil do chleachtóirí ginearálta.
22	3 - Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin - Éifeachtúlacht fuinnimh sa tionsclaíocht	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an chreata dhlíthiúil le haghaidh scéim fóirdheontais le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh sa tionscal.
38	4 — Athchóiriú ar an gCáin Ghlas — Cánacha astaíochtaí ar thionscail	Garsprioc	Ghlac parlaimint na Danmhairge comhaontú polaitiúil maidir le méadú ar an gcáin astaíochtaí ar an tionsclaíocht.
11	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil — Teicneolaíochtaí aeráide sa talmhaíocht	Garsprioc	Tá glao ar iarratais ar na scéimeanna fóirdheontais le haghaidh teicneolaíochtaí aeráide sa talmhaíocht (bithscaglanna donna) curtha i gcrích.
1	1 — Athléimneacht an Chórais Cúraim Sláinte a Neartú — Bearta chun stoic drugaí criticiúla a chinntiú	Garsprioc	Tuarascáil ar mheasúnú Ghníomhaireacht Leigheasra na Danmhairge ar stoic drugaí criticiúla atá le cur ar fáil arb é is aidhm di cásanna ina bhfuil ganntanas drugaí tábhachtacha sa Danmhairg a sheachaint.
2	1 — Athléimneacht an Chórais Cúraim Sláinte a Neartú — Réitigh dhigiteacha in earnáil an chúraim sláinte	Garsprioc	Meastóireacht ar rannpháirtíocht othar agus ar úsáid fhorleathan teilileigheas atá le cur ar fáil ag Aireacht Sláinte na Danmhairge i ndlúthchomhar le Réigiúin na Danmhairge.
3	1 — Athléimneacht an Chórais Cúraim Sláinte a Neartú — Réitigh dhigiteacha in earnáil an chúraim sláinte	Sprioc	Saoraidí a fhorbairt agus a chur ar fáil le haghaidh comhairliúchán teilileighis (KontaktLæge) le haghaidh ardáin éagsúla.

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch Mhíle / Sprioc	Ainm
13	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil — Ithreacha atá saibhir ó thaobh carbóin de	Garsprioc	Cuirtear i gcrích glao ar iarratais ar an scéim fóirdheontais chun ithreacha ar mhórán carbóin a athfhliuchadh agus a thógáil amach as an táirgeadh.
25	3 — Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin — Athchóiriú fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí	Garsprioc	Eisíonn an rialtas ordú reachtúil lena mbunaítear scéim fóirdheontais le haghaidh athchóirithe fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí.
27	3 — Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin — Acmhainneacht stórála CCS	Garsprioc	Dámhachtain conarthaí d'iarratasóirí roghnaithe le haghaidh staidéar féidearthachta CCS.
44	5 — Iompar Inbhuanaithe de Bhóthar — Tástáil forbartha ar phraghsáil ar bhóithre	Garsprioc	Comhaontú polaitiúil idir an rialtas agus tromlach na parlaiminte maidir le seoladh na scéime tástála.
46	5 — Iompar Inbhuanaithe de Bhóthar — Anailís ar an rialachán maidir le meáchan agus toisí chun tarlú trom a bharrfheabhsú	Garsprioc	Tuarascáil a fhoilsiú maidir leis an anailís ar an rialachán náisiúnta maidir le meáchan agus toisí.
48	5 — Iompar Inbhuanaithe de Bhóthar — Anailís ar an scéim tástála le leantóirí dubailte	Garsprioc	Foilsíú anailise ar leantóirí dubailte lena ndéantar anailís ar shábháilteacht ar bhóithre, innealtóireacht feithiclí, innealtóireacht bóithre agus dálaí comhshaoil.
		Méid na Tráthchoda	EUR 346 503 784

1.2. An Dara Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch Mhíle / Sprioc	Ainm
16	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil — Athshlánú láithreán tionsclaíoch agus talún éillithe	Sprioc	Ceadaíodh 4 iarratas tionscadail ar a laghad chun láithreán tionsclaíoch nó talamh éillithe a athshlánú.
65	7 - Taighde ar réitigh ghlasa: Gabháil agus stóráil carbóin nó úsáid CO ₂ Green	Sprioc	Comhpháirtíochtaí a roghnú le haghaidh 'gabháil agus stóráil carbóin nó úsáid CO ₂ '.

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch Mhíle / Sprioc	Ainm
68	7 — Taighde ar réitigh ghlasa: Breoslaí glasa don iompar agus don tionsclaíocht	Sprioc	Comhpháirtíochtaí a roghnú le haghaidh ‘breoslaí glasa don iompar agus don tionsclaíocht’.
71	7 — Taighde ar réitigh ghlasa: Talmhaíocht agus táirgeadh bia atá neamhdhiobhálach don aeráid agus don chomhshaol	Sprioc	Comhpháirtíochtaí a roghnú le haghaidh ‘talmhaíocht agus táirgeadh bia atá neamhdhiobhálach don aeráid agus don chomhshaol’.
74	7 — Taighde ar réitigh ghlasa: An geilleagar ciorclach ag díriú ar dhramhaíl phlaisteach agus teicstíle a athúsáid agus a laghdú	Sprioc	Comhpháirtíochtaí a roghnú le haghaidh ‘geilleagar ciorclach lena ndírítear ar dhramhaíl phlaisteach agus teicstíle a athúsáid agus a laghdú’.
4	1 — Athléimneacht an Chórais Cúraim Sláinte a Neartú — Réitigh dhigiteacha in earnáil an chúraim sláinte	Garsprioc	Ceistneoir digiteach a chur chun feidhme san aip "MinLæge" ("Mo Dhochtúir").
42	5 - Iompar Inbhuanaithe de Bhóthar - Méadú sealadach ar an bpréimh diúscartha do sheancharranna díosail	Sprioc	Scriostar 36 000 seancharr díosail mar gheall ar an bpréimh scríobtha ardaithe.
54	6 — Digitiú — Straitéis dhigiteach	Garsprioc	‘Straitéis Dhigiteach’ nua a ghlacadh san Acht Airgeadais 2022 agus sa phlean cur chun feidhme.
62	6 — Digitiú — Comhthiomsú leathanbhanda	Sprioc	Ar a laghad 3 500 teaghlach agus/nó gnólacht cumhdaithe le hidirlíon fíor-ardluais (nasc 100 Mbps ar a laghad).
23	3 - Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin - Éifeachtúlacht fuinnimh sa tionsclaíocht	Garsprioc	Tá na babtaí iarratais bliantúla don scéim fóirdheontais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh sa tionscal curtha i gcrích.
47	5 - Iompar Inbhuanaithe de Bhóthar - Roinnt carranna agus roinnt carranna (feasacht)	Sprioc	Nochtadh plódú feachtais faisnéise agus comhroinnt carranna 30 000 000 uair ar a laghad.
61	6 — Digitiú — Creat don Danmhairg atá oiriúnach do thodhchaí dhigiteach	Garsprioc	Straitéis Chibearshlándála Náisiúnta nua a ghlacadh.
66	7 — Taighde ar réitigh ghlasa: Gabháil agus stóráil carbóin nó úsáid CO2	Sprioc	Tá cistiú faighte ag comhpháirtíocht taighde agus nuálaíochta amháin ar a laghad maidir le ‘gabháil agus stóráil carbóin nó úsáid CO2’.
69	7 — Taighde ar réitigh ghlasa: Breoslaí glasa don iompar agus don tionsclaíocht	Sprioc	Fuair comhpháirtíocht/comhpháirtíochtaí taighde agus nuálaíochta amháin ar a laghad cistiú maidir le ‘breoslaí glasa don iompar agus don tionsclaíocht’.

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch Mhíle / Sprioc	Ainm
72	7 — Taighde ar réitigh ghlasa: Talmhaíocht agus táirgeadh bia atá neamhdhiobhálach don aeráid agus don chomhshaol	Sprioc	Fuair comhpháirtíocht taighde agus nuálaíochta amháin ar a laghad cistiú maidir le ‘talmhaíocht agus táirgeadh bia atá neamhdhiobhálach don aeráid agus don chomhshaol’.
75	7 — Taighde agus Forbairt Ghlasa — Taighde ar réitigh ghlasa	Sprioc	Tá maoiniú faighte ag comhpháirtíocht taighde agus nuálaíochta amháin ar a laghad maidir le ‘geilleagar ciorclach a dhíríonn ar dhramhaíl phlaisteach agus teicstíle a athúsáid agus a laghdú’.
92	9 — Iniúchadh agus Rialú	Garsprioc	Córas stórais.
93	9 — Iniúchadh agus Rialú	Garsprioc	Plean gníomhaíochta a bhaineann leis an straitéis frithchalaoise agus frithéillithe a ghlacadh agus a chur chun feidhme.
		Méid na Tráthchoda	EUR 509 574 078

1.3. An Tríú Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch Mhíle / Sprioc	Ainm
5	1 — Athléimneacht an Chórais Cúraim Sláinte a Neartú — Staidéar cliniúil ar éifeacht vacsaíní COVID-19	Garsprioc	Tuascáil ar staidéar a rinne Ospidéal Ollscoile Aarhus maidir le héifeachtaí agus fo-éifeachtaí vacsaíní COVID-19 atá le cur ar fáil d'Aireacht Sláinte na Danmhairge.
17	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil — Athshlánú láithreán tionsclaíoch agus talún éillithe	Garsprioc	Tuascáil ar stádas leath bealaigh don obair a rinneadh ar thionscadail fhorfheasta agus ar ghníomhaíocht cheartaitheach a rinneadh nuair is gá.
28	3 — Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin — Acmhainneacht stórála CCS	Garsprioc	Staidéar féidearthachta a chur i gcrích maidir le stóráil CCS. Tá cinneadh déanta ag an Rialtas leanúint ar aghaidh leis an obair.
37	4 — Athchóiriú ar an gCáin Ghlas — Grúpa saineolaithe chun tograí a ullmhú le haghaidh ríomhchánacha CO ₂	Garsprioc	I gcomhréir le conclúidí na tuascála ón ngrúpa saineolaithe le haghaidh rialachán aonfhoirmeach maidir le cáin CO ₂ e, tionólfaidh an rialtas na páirtithe atá taobh thiar den athchóiriú ar cháin ghlas chun teacht ar chomhaontú maidir leis na chéad chéimeanna eile.
39	4 — Athchóiriú ar an gCáin Ghlas — Cánacha astaíochtaí ar thionscail	Garsprioc	Tagann méaduithe cánach ar astaíochtaí ón tionscal i bhfeidhm do gach tionscal, lena n-áirítear talmhaíocht agus próisis mhianreolaíocha.
63	6 — Digitiú — Aistriú digiteach agus trádáil FBManna	Sprioc	Tá maoiniú faighte ag 550 FBM ar a laghad le haghaidh tionscadail dhigiteacha.
77	7 — Taighde agus Forbairt Ghlas — Dreasachtaí chun borradh a chur faoi T&F;D i gcuideachtaí	Sprioc	Bhain 500 gnólacht úsáid as an asbhaint chánach a soláthraíodh leis na hasbhaintí le haghaidh obair taighde agus forbartha.
		Méid na Tráthchoda	EUR 148 475 926

1.4. An Ceathrú Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch Mhíle / Sprioc	Ainm
7	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil — Feirmeoireacht orgánach	Sprioc	Cuireadh isteach 40 tuarascáil tionscadail ar a laghad faoi The Foundation for Organic Farming.
8	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil — Feirmeoireacht orgánach	Sprioc	Tuarascálacha tionscadail maidir le forbairt inniúlachta a thacaíonn leis an aistriú orgánach i 160 cistin phoiblí ar a laghad a cuireadh isteach.
9	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil — Feirmeoireacht orgánach	Sprioc	6 thuarascáil tionscadail ar a laghad curtha isteach.
10	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil — Feirmeoireacht orgánach	Sprioc	10 dtuarascáil tionscadail ar a laghad a bhfuil sé d'aidhm acu tacú le forbairt córais bia atá níos orgánaí agus níos plandabhunaithe a cuireadh isteach.
20	3 - Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin - Dóirí ola agus foirnéisí gáis a ionadú	Garsprioc	Faighteoirí cistí a roghnú chun dóirí ola agus foirnéisí gáis a athsholáthar.
33	4 — Athchóiriú ar an gCáin Ghlas — Ionú infheistíochta	Sprioc	Bhain 1 000 cuideachta úsáid as an asbhaint chánach a chuir an fhuinneog infheistíochta ar fáil.
36	4 — Athchóiriú ar an gCáin Ghlas — Dímhéas luathaithe	Sprioc	Bhain 1 000 cuideachta úsáid as an asbhaint chánach a soláthraíodh leis an dímhéas luathaithe.
45	5 — Iompar Inbhuanaithe de Bhóthar — Tástáil forbartha ar phraghsáil ar bhóithre	Garsprioc	Doiciméadacht maidir le torthaí na scéime tástála ar phraghsáil bóthair.
51	5 — Iompar Inbhuanaithe de Bhóthar — Infheistíochtaí i gconairí rothar i mbóithre stáit agus i scéim fóirdheontais rothar do bhardais	Sprioc	Tá tús curtha le 45 km ar a laghad de chosáin rothar nua a thógáil.
53	5 - Iompar Inbhuanaithe de Bhóthar - Scéim maidir le bonneagar do rothair leictreacha	Sprioc	Tógadh 75 stáisiún luchtaithe rothar ar a laghad.
78	8 — REPowerEU — Foireann Náisiúnta um Ghéarchéimeanna Fuinnimh (NEKST)	Garsprioc	‘NEKST’ a ionchorprú sna hAchtanna Airgeadais le haghaidh na mblianta 2023 agus 2024 agus an tuarascáil ar dhul chun cinn a fhoilsiú.
82	8 — REPowerEU — Ullmhúcháin do 4	Garsprioc	Glao ar thairiscintí a ullmhú agus a fhoilsiú le haghaidh 4 GW de ghaoth amach ón gcósta.

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch Mhíle / Sprioc	Ainm
	Ghigeavata (GW) de ghaoth amach ón gcósta		
86	8 — REPowerEU — Uas-sciliú glas	Garsprioc	Cur chun feidhme praiticiúil na gcistí uas-scilithe glasa.
		Méid na Tráthchoda	EUR 204 080 167

1.5. An Cúigiú Suiteáil (tacaíocht neamh-inaisíoctha):

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch Mhíle / Sprioc	Ainm
12	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil — Teicneolaíochtaí aeráide sa talmhaíocht	Garsprioc	Bithscaglan a dhéanamh.
15	2 — Aistriú glas na Talmhaíochta agus an Chomhshaoil — Ithreacha atá saibhir ó thaobh carbóin de	Sprioc	Dearbhuithe bogach le haghaidh tionscadail lena mbaintear 1 975 heicteár d'ithir ar mhórán carbóin ón táirgeadh a chláraítear sa chlár talún.
26	3 — Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin — Athchóiriú fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí	Sprioc	Athchóiriú fuinnimh i 44 fhoirgneamh.
30	3 - Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh glas agus gabháil agus stóráil carbóin - Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe	Sprioc	Tionscadail athchóirithe fuinnimh.
43	5 — Iompar Inbhuanaithe de Bhóthar — Tosaíocht a thabhairt an athuair do cháin chlárúcháin feithiclí agus do cháin íseal leictreachais ar fheithiclí leictreacha a luchtú	Sprioc	Gluaisteáin astaíochtaí nialasacha arna gelárú i stoc gluaisteán na Danmhairge.
52	5 — Iompar Inbhuanaithe de Bhóthar — Infheistíochtaí i gconairí rothar i mbóithre stáit agus i scéim fóirdheontais rothar do bhardais	Sprioc	Tuarascálacha deiridh tionscadail nó tuarascálacha cuntais caiteachais chaipitiúil le haghaidh 20 tionscadal rothar.
57	6 — Digiú — Straitéis don earnáil phoiblí dhigiteach agus do sheirbhísí na todhchaí	Sprioc	Tá maoiniú faighte ag 7 n-údarás phoiblí ar a laghad le haghaidh tionscadail intleachta saorga.
58	6 — Digiú — Straitéis do ghairmeacha digiteacha agus do phoist na todhchaí	Sprioc	Tá maoiniú faighte ag 500 cuideachta ar a laghad le haghaidh tionscadail dhigiteacha.
59	6 — Digiú — Creat le haghaidh nuálaíochta, comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha agus úsáid teicneolaíochta nua	Sprioc	Fuair 15 údarás phoiblí ar a laghad cistiú le haghaidh tionscadail teicneolaíochta a rinneadh i gcomhar le heintiteas príobháideach.
60	6 — Digiú — Creat don tsocái shonraíbhunaithe	Sprioc	Tá maoiniú faighte ag 4 institiúid phoiblí ar a laghad chun tacú le hathúsáid sonraí.

Uimhir sheicheamhach	Beart Gaolmhar (Athchóiriú nó Infheistíocht)	Cloch Mhíle / Sprioc	Ainm
79	8 — REPowerEU — Foireann Náisiúnta um Ghéarchéimeanna Fuinnimh (NEKST)	Garsprioc	Bearta maidir le líonra téimh a chur chun feidhme.
81	8 — REPowerEU — Foireann Náisiúnta um Ghéarchéimeanna Fuinnimh (NEKST)	Garsprioc	Gníomhartha dlí maidir le húsáid fuinnimh in-athnuaite.
83	8 — REPowerEU — Scagadh ar limistéir le haghaidh gaoth amach ón gcósta sa Danmhairg	Garsprioc	Tuarascáil dhigiteach a fhoilsiú maidir le scagadh a dhéanamh ar limistéir le haghaidh gaoth amach ón gcósta sa Danmhairg.
88	8 — REPowerEU — Uas-sciliú glas	Sprioc	Eisíocaíocht deontais
89	8 — REPowerEU — Dóirí ola agus foirnéisí gáis a ionadú	Sprioc	Cuireadh téamh ceantair nó teaschaidéil in ionad 27 583 dóirí ola nó foirnéisí gáis ar a laghad.
94	8 — REPowerEU — Beart méadaithe: Éifeachtúlacht fuinnimh sa tionsclaíocht	Sprioc	430 318 MWh ar a laghad in aghaidh na bliana de choigilteas fuinnimh ríofa.
		Méid na Tráthchoda	EUR 417 256 930

Roinn 3: Socruithe breise

1. Socruithe chun faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus chun é a chur chun feidhme

Déanfar faireachán ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge agus cuirfear chun feidhme é i gcomhréir leis na socruithe seo a leanas:

Tá an Aireacht Airgeadais freagrach as iniúchtaí agus rialuithe na n-aireachtaí líne a chomhordú agus a áirithiú go bhfuil siad fóna agus ag feidhmiú go maith maidir le cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Laistigh den Aireacht Airgeadais, déanfaidh an Oifig Iniúcháireachta agus Maoirseachta rialuithe maidir le cur i bhfeidhm cistí ag na haireachtaí agus maidir le doiciméadú agus comhlíonadh spriocanna agus garspriocanna araon. Chomh maith leis sin, sannfar an cúram dó na córais iniúcháireachta a chomhordú agus na rialuithe a dhéanamh ar chur i bhfeidhm cistí na n-aireachtaí líne, agus ar an gcaoi sin dearbhú breise a thabhairt go bhfuil córais rialaithe na n-aireachtaí cur chun feidhme in ann ceanglais Rialachán (AE) 2021/241 a chomhlíonadh. Tuairisceoidh an Oifig Iniúcháireachta agus Maoirseachta roimh gach iarraidh ar íocaíocht maidir leis na rialuithe a rinneadh le linn na hoibre leis an dearbhú bainistíochta. Sa tuarascáil, soláthróidh sé achoimre ar a rialuithe ar thuarascálacha rialaithe agus iniúcháireachta na n-aireachtaí cur chun feidhme, agus dá bhrí sin déanfaidh sé na hiniúchtaí a chuirfidh leis an achoimre ar iniúchtaí a sheolfaidh an Aireacht Airgeadais. Tá gach Aireacht freagrach as iniúchadh agus rialú leordhóthanach a chinntiú maidir le cur i gcrích na ngarspriocanna agus na spriocanna. Beidh an tsolúbthacht ag na hAireachtaí na hiniúchtaí agus na rialuithe a dhearadh ina n-aonar. Tá an Oifig Náisiúnta Iniúcháireachta (Rigsrevisionen) freagrach as iniúchtaí seachtracha a dhéanamh ar chaiteachas agus ioncam rialtais.

Luaitear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Danmhairge na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun comhlíonadh dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme a áirithiú, le linn chur chun feidhme na mbeart uile. Thairis sin, tugann sé aghaidh ar gach neamhrialtacht thromchúiseach (calaois, éilliú, coinbhleacht leasa) agus ar chistiú dubailte trí chead a thabhairt rialuithe agus iniúchtaí a chur chun feidhme ar leibhéal líne na hAireachta. Eiseoidh gach ceann de na naoi nAireacht líne fhreagracha a bhfuil baint acu le cur chun feidhme na gcomhpháirteanna dearbhú bainistíochta maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta leis an Oifig Iniúcháireachta agus Maoirseachta a dhéanann rialuithe agus maoirseacht.

2. Socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí a sholáthar don Choimisiún

Úsáidfí an Oifig Iniúcháireachta agus Maoirseachta córas sonrach rialtais de chuid na Danmhairge ‘F2’ chun doiciméadacht ó na haireachtaí líne a stóráil. Úsáidtear an córas i mbeagnach gach Aireacht agus gníomhaireacht i riarachán lárnach na Danmhairge, agus úsáidtear é chun doiciméid a chomhdú agus chun iriseoireacht a dhéanamh orthu chun a áirithiú go gcomhlíontar ceanglais éagsúla dlí, lena n-áirítear go háirithe an gníomh um rochtain phoiblí ar fhaisnéis. Seolfar sonraí trí ríomhphost criptithe chuig an Oifig Iniúcháireachta agus Maoirseachta. Is iad na sonraí sonraí a bhaileofar ó na tionscadail sonraí maidir le faighteoirí/tairbhíthe deiridh, conraitheoirí agus fochonraitheoirí, agus is é an cuspóir a bheidh le bailiú na sonraí sin eolas a fháil ar rioscaí a bhaineann go sonrach le rioscaí ‘comhchruinnithe’ agus ‘cáilithe’. Áiritheoidh an Oifig Iniúcháireachta agus Maoirseachta go stórálfar na sonraí sin ionas gur féidir le húdaráis an Aontais seiceáil a dhéanamh nuair a iarrtar sin orthu, ós rud é go stórálfaidh gach aireacht na sonraí ar bhealach díláraithe. Beidh sonraí ar fáil don Aireacht Airgeadais agus d’institiúidí an Aontais araon arna iarraidh sin.

I gcomhréir le hAirteagal 24(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ar chur i gcrích na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha comhaontaithe i Roinn 2.1 den Iarscríbhinn seo, cuirfidh an Danmhairg iarraidh chuí-réasúnaithe ar íocaíocht na ranníocaíochta faoi bhráid an Choimisiúin. Áiritheoidh an Danmhairg, arna iarraidh sin, go mbeidh rochtain iomlán ag an gCoimisiún ar na bunsonraí ábhartha

a thacaíonn leis an údar cuí atá leis an iarraidh ar íocaíocht, chun measúnú a dhéanamh ar an iarraidh ar íocaíocht i gcomhréir le hAirteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2021/241 agus chun críoch iniúchóireachta agus rialaithe araon.